An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business,
Enterprise and Innovation

# Tuarascáil faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú, 2008

## Lena gCuimsítear an Tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018

# Réamhrá ón Aire

Tá áthas orm an seachtú Tuarascáil Bhliantúil maidir le feidhmiú an Achta chun Onnmhairí a Rialú, 2008, lena gcuimsítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018, a chur i láthair.

Leanann Éire beartas saorthrádála agus beartas margaidh oscailte, agus aithnímid freisin an tábhacht mhór a bhaineann le rioscaí iomadaithe a íoslaghdú, leis an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach a chothú, leis an sceimhlitheoireacht a chosc agus le cearta an duine a urramú. Ní mór dúinn cothromaíocht a bhaint amach idir na tosaíochtaí tábhachta beartais sin agus is é sin is bonn leis na rialuithe onnmhairithe agus na smachtbhannaí trádála atá á riar ag mo Roinn.  Toisc gur ball freagrach den phobal idirnáisiúnta muid, cloíonn Éire leis na caighdeáin is airde maidir le rialú onnmhairithe i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

Bíonn mo Roinn ag obair i ndlúthpháirt le cuideachtaí agus á spreagadh chun nósanna imeachta éifeachtacha inmheánacha a choinneáil ar bun ó thaobh comhlíonadh. Fáiltím roimh an tiomantas atá ag cuideachtaí onnmhairithe agus ag mo Roinn maidir leis an tslándáil, an chobhsaíocht agus cearta an duine a chur chun cinn. Táim ag tnúth le coinneáil leis an gcomhar idir onnmhaireoirí agus mo Roinn.

Déantar cur síos sa Tuarascáil seo ar ghníomhaíocht cheadúnaithe mo Roinne don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018, agus ar athruithe suntasacha a rinneadh ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa sa tréimhse sin.  Tugtar sonraí sa Tuarascáil freisin faoi líon na n-iarratas a rinneadh ar cheadúnais agus faoi luach agus ceann scríbe na n-onnmhairí ceadúnaithe, agus leagtar amach go hachomair inti na smachtbhannaí trádála AE éagsúla a tugadh isteach nó a ndearnadh nuashonrú orthu i rith na bliana 2018.

Tá rún daingean agam an trédhearcacht a chur chun cinn i bhfeidhmiú chóras na hÉireann um rialú onnmhairí. Chuige sin, chomh maith leis na Tuarascálacha Bliantúla, foilsíonn an Roinn seo sonraí achoimre faoi onnmhairiú táirgí rialaithe ar láithreán gréasáin na Roinne, gach sé mhí.

Heather Humphreys, T.D.

An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

# Clár na nÁbhar

**1. Réamhrá ........ 1**

**2. Athruithe ar Reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann ........ 1**

**3. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach in 2018 ........ 5**

**4. Athbhreithniú Beartais i dtaobh Rialú Onnmhairí ........ 5**

**5. Ceadúnais Onnmhairiúcháin agus Treochtaí Staitistiúla ........ 6**

**6. Cásanna Diúltaithe ........ 9**

**7. Forfheidhmiú agus Imscrúduithe ........ 11**

**Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann i leith Smachtbhannaí AE ........ 13**

**Iarscríbhinn II – Staitisticí na bliana 2018 maidir le Ceadúnais Onnmhairiúcháin ........ 33**

**Iarscríbhinn III – Achoimre ar Chóid an Liosta Mhíleata ........ 43**

**Iarscríbhinn IV – Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide ........ 45**

**Iarscríbhinn V – Córais Iltaobhacha Neamhiomadaithe ........ 46**

**Iarscríbhinn VI – Bearta Sriantacha AE ........ 47**

# 1. Réamhrá

Ceanglaítear leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú, 2008 go ndéanfaidh an tAire tuarascáil maidir le feidhmiú cúrsaí a thagann faoin Acht sa bhliain roimhe a ullmhú agus a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana.

Clúdaítear sa tuarascáil seo gníomhaíocht cheadúnaithe de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus athruithe ar reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann, i leith na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018. Tá faisnéis fhorlíontach in Iarscríbhinn I i dtaobh rialacháin na hÉireann maidir le Bearta Srianta an Aontais Eorpaigh a fhorfheidhmiú. Tugtar staitisticí mionsonraithe ar na ceadúnais a eisíodh in Iarscríbhinn II. Tugtar faisnéis chúlra in Iarscríbhinní III-VI maidir le cóid an liosta mhíleata, catagóirí dé-úsáide, córais iltaobhacha neamhiomadaithe, agus Bearta Srianta an Aontais Eorpaigh.

Tá tuarascálacha roimhe seo faoi fheidhmiú chóras na hÉireann um rialú onnmhairí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

# 2. Athruithe ar Reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann

## Nuashonrú ar an Rialachán Dé-Úsáide

Is é an príomhphíosa reachtaíochta Eorpaí lena rialaítear onnmhairiú ítimí dé-úsáide ón Aontas Eorpach ná Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 (an "Rialachán Dé-Úsáide")[1]. In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, sonraítear liosta na n-ítimí dé-úsáide atá faoi réir rialú agus a dteastaíonn údarú ina leith lena n-onnmhairiú lasmuigh den Aontas Eorpach.[2] Déantar leasú bliantúil ar Iarscríbhinn I a

[1] Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras.

[2] Faoi Airteagal 4 de na Rialacháin Dé-Úsáide, féadfar rialú a dhéanamh freisin ar ítimí nach liostaítear in Iarscríbhinn 1 agus d'fhéadfadh ceadúnas a bheith de dhíth ina leith chun údarú a dhéanamh ar onnmhairiú lasmuigh den Aontas Eorpach.

ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide chun athruithe a chur san áireamh atá déanta ag na príomhchórais iltaobhacha um rialú onnmhairithe ar na liostaí ítimí rialaithe, agus tá cur síos mionsonraithe orthu siúd in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil seo. Na leasuithe sin ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, cuirtear chun feidhme iad trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Ar an 15 Nollaig 2018, tháinig Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1922 ón gCoimisiún [3]lena leasaítear an Rialachán Dé-Úsáide i bhfeidhm.Leis an Rialachán sin, cuireadh roinnt nithe leis na nótaí agus na sainmhínithe a úsáidtear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, agus scriosadh roinnt nithe as na nótaí agus na sainmhínithe agus rinneadh roinnt leasuithe orthu. Rinneadh amhlaidh d'fhonn liosta ítimí rialaithe AE a nuashonrú ó thaobh na gcinntí a rinneadh i gcórais um rialú onnmhairí sa bhliain 2017.

## Nuashonrú ar an Reacht Blocála

Is Rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh é Rialachán (CE) Uimh. 2271/96[4], dá ngairtear freisin an Reacht Blocála, a achtaíodh in 1996 chun cur i gcoinne éifeacht sheach-chríochach na smachtbhannaí a d'fhorchuir na Stáit Aontaithe ar Chúba, ar an Iaráin agus ar an Libia. Leis an Reacht Blocála, déantar neamhniú ar éifeachtaí seach-chríochacha amhail pionóis a fhorchuireann na Stáit Aontaithe ar eintitis atá ag feidhmiú go dleathach san Aontas Eorpach agus a bhfuil naisc thráchtála nó naisc thrádála acu le Cúba agus/nó leis an Iaráin.

Áirítear sa Reacht Blocála ceanglas, i gcás eintiteas AE ar imir cineál seach-chríochach smachtbhannaí na Stát Aontaithe drochthionchar air, go gcuirfidh sé an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi sin, go díreach nó trí údarás inniúil náisiúnta. Áirítear sa Reacht Blocáil

---

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1922 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras.

[4] Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 ón gComhairle an 22 Samhain 1996 lena gcosnaítear i gcoinne éifeachtaí cur i bhfeidhm seach-chríochach reachtaíochta arna glacadh ag tríú tír, agus gníomhaíochtaí atá bunaithe uirthi nó a eascraíonn aisti.

forálacha lena gcoisctear ar eintitis AE, seachas in imthosca eisceachtúla, aon cheanglais a fhorchuirtear faoi smachtbhannaí áirithe de chuid na Stát Aontaithe a chomhlíonadh. Is féidir eintitis AE a chúiteamh as aon damáistí, lena n-áirítear costais dlí, a thabhaítear de bharr fhorchur srianta agus ceanglas faoi smachtbhannaí áirithe de chuid na Stát Aontaithe atá faoi réir an Reachta Blocála.

In 2018, rinne an Coimisiún nuashonrú ar an rialachán sin chun maolú a dhéanamh ar an tionchar a d'imreofaí de bharr smachtbhannaí ar an Iaráin a bheith á dtabhairt isteach ag na Stáit Aontaithe arís. Leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2018[5], leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 ón gComhairle chun cur i gcoinne na mbeart sriantach de chuid na Stát Aontaithe a bhfuil feidhm seach-chríochach acu agus a bhí i bhfeidhm tráth a ghlactha.

Is í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil náisiúnta i leith an Reachta Blocála in Éirinn.  Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cur i bhFeidhm Seach-chríochach Reachtaíochta arna Glacadh ag Tríú Tír) (Leasú), 2018 (I.R. Uimh. 319 de 2018), leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cur i bhFeidhm Seach-chríochach Reachtaíochta arna Glacadh ag Tríú Tír), 1997 (I.R. Uimh. 217 de 1997) chun an leasú a rinneadh ar an Rialachán ón gComhairle a léiriú.

## Bunús Reachtúil i gcomhair Achomharc

Leis na Rialacháin um Rialú Onnmhairí (Achomhairc) 2018 (I.R. Uimh. 457 de 2018), leagadh síos an bonn reachtúil d'onnmhaireoirí atá ag iarraidh achomharc a dhéanamh i gcoinne diúltú d'iarratais ar cheadúnas, nó i gcoinne cúlghairm ceadúnas atá eisithe cheana. Cé nach bhfuil aon athrú tagtha ar nósanna imeachta ceadúnaithe na Roinne, fágann an bunús reachtúil gur mó an méid deimhneachta dlíthiúla, trédhearcachta agus comhsheasmhachta atá ann maidir le hachomhairc i gcoinne cinntí ceadúnaithe.

---

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1100 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2018 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 ón gComhairle lena gcosnaítear i gcoinne éifeachtaí cur i bhfeidhm seach-chríochach reachtaíochta arna glacadh ag tríú tír, agus gníomhaíochtaí atá bunaithe uirthi nó a eascraíonn aisti.

## Aistrithe Laistigh den Aontas Eorpach ar Tháirgí a bhaineann le Cosaint agus Nuashonruithe ar an Liosta Comhchoiteann Míleata

Le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009[6], bunaítear córas ceadúnúcháin le haghaidh táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú laistigh den Aontas Eorpach. Is é is cuspóir don Treoir sin ná simpliú a dhéanamh ar na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haistrithe den sórt sin laistigh den Chomhphobal d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.  Tá Iarscríbhinn ag ghabháil le Treoir 2009/43/CE ina leagtar amach na táirgí a bhaineann le cosaint atá faoi réir rialú ("Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh").[7]

Déantar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a leasú agus a nuashonrú go tréimhsiúil chun sainmhínithe agus sonraíochtaí teicniúla i leith táirgí a bhaineann le cosaint atá faoi réir rialú a thabhairt cothrom le dáta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.  Nuair a dhéantar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a nuashonrú, ní mór Treoir 2009/43/CE a leasú agus a nuashonrú ar an gcaoi chéanna. [8] Cé nach ndearnadh aon nuashonruithe ar Threoir 2009/43/CE in 2018[9], achtaíodh Treoir (AE) 2017/2054 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2017 le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) (Leasú), 2018 (I.R. Uimh. 39 de 2018).

---

[6] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal.

[7] Is le hIonstraim Reachtúil Uimh. 346 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal), 2011, a thugtar éifeacht don Treoir sin i ndlí na hÉireann.

[8] Sonraítear i dTreoir 2009/43/CE, in Airteagal 37, gur cheart liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a leagtar amach san Iarscríbhinn a nuashonrú i gcomhréir iomlán le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.

[9] Rinneadh Treoir 2009/43/CE a leasú agus a nuashonrú faoi dhó in 2017 le Treoir (AE) 2017/433 ón gCoimisiún an 7 Márta 2017, agus le Treoir (AE) 2017/2054 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2017

# 3. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach in 2018

Is éard atá i gceist le bearta sriantacha AE (ar a dtugtar freisin smachtbhannaí trádála agus a bhfuil cur síos níos mionsonraithe orthu in Iarscríbhinn VI) ná ionstraimí a úsáideann an tAontas Eorpach chun athrú a dhéanamh ar bheartais nó gníomhaíochtaí tíortha eile, amhail dul i ngleic le sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta nó ar chearta an duine, nó dul i ngleic le beartais nach n-urramaíonn riail an dlí ná prionsabail dhaonlathacha. Baintear leas as smachtbhannaí, as measc na n-ionstraimí polaitiúla éagsúla atá ar fáil, chun luachanna agus cuspóirí de chuid an Aontais a chur chun cinn.

Thug an tAontas Eorpach roinnt smachtbhannaí nua isteach le linn na bliana 2018 mar fhreagairt d'ábhair imní idirnáisiúnta, amhail ábhair imní faoi choinbhleacht réigiúnach agus faoi chearta an duine. Is í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil náisiúnta i leith ghnéithe trádála na smachtbhannaí AE.

Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Airgeadais freagrach go comhpháirteach as Rialacháin a dhréachtú chun foráil a dhéanamh maidir le pionóis sa dlí náisiúnta mar gheall ar sháruithe ar smachtbhannaí AE. Rinneadh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Airgeadais caoga Rialachán nua in 2018, agus leagtar amach sonraí ina leith in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo.

# 4. Athbhreithniú Beartais i dtaobh Rialú Onnmhairí

Mar a leagtar amach i dtuarascálacha roimhe seo, tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún Eorpach le blianta beaga anuas ar chóras rialaithe an Aontais Eorpaigh i dtaobh earraí dé-úsáide. Ba iad seo a leanas na torthaí a bhí ar an bpróiseas athbhreithnithe sin:

- Foilsíodh Páipéar Uaine maidir le rialuithe onnmhairí dé-úsáide sa bhliain 2011.[10]
- Foilsíodh Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an mbeartas ar rialú onnmhairí sa bhliain 2014. [11]

---

[10] Féach <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52011DC0393&from=EN>.

- Cuireadh Fóram Tionscail ar siúl sa bhliain 2014.[12]
- Foilsíodh tuarascáil ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí, agus ansin foilsíodh tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach in 2015.[13]
- Togra ón gCoimisiún Eorpach, a foilsíodh an 28 Meán Fómhair 2016, chun an Rialachán Dé-Úsáide a athchóiriú, a nuashonrú agus a nuachóiriú.[14]

Tá an togra ón gCoimisiún Eorpach faoi réir a bhreithnithe ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa, agus is iadsan a cheadóidh aon athchóiriú a dhéanfar ar an Rialachán Dé-Úsáide. Ba ar leibhéal meithle a rinne an Chomhairle breithniú ar an togra ón gCoimisiún Eorpach, áit a ndearna an Roinn ionadaíocht ar son na hÉireann ag an Meitheal Oibre um Earraí Dé-Úsáide. Bhí an Mheitheal Oibre sin fós ag breithniú an togra ón gCoimisiún Eorpach ag deireadh 2018.

An 17 Eanáir 2018, rinne Parlaimint na hEorpa, i seisiún iomlánach, breithniú ar an tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta.[15] Thacaigh Parlaimint na hEorpa leis na moltaí sa tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus mhol sí 98 leasú ar an togra ón gCoimisiún Eorpach.[16]

# 5. Ceadúnais Onnmhairiúcháin agus Treochtaí Staitistiúla

## Ceadúnais Dé-Úsáide Aonair

Eisíodh 444 cheadúnas dé-úsáide aonair in 2018, sin beagán níos lú ná an líon ceadúnas (447) a eisíodh in 2017.

---

[11] Féach <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52014DC0244&from=EN>.
[12] Féach <http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2014/october/tradoc_152858.pdf.>
[13] Féach <http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2015/november/tradoc_154003.pdf>.
[14] Féach <http://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:1b8f930e-8648-11e6-b076-01aa75ed71a1.0013.02/DOC_1&format=pdf>.
[15] Chríochnaigh an Coiste a athbhreithniú ar an togra ón gCoimisiún, agus thuairiscigh sé do Pharlaimint na hEorpa i mí na Samhna 2017.

[16] Féach <https://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?type=TA&reference=P8-TA-2018-0006&language=GA>

Bhí luachanna na n-onnmhairí ar cheadúnais aonair a eisíodh in 2018 15% ní b'airde ná a gcuid luachanna in 2017, sé sin méadú ó €357.1 milliún go €410.8 milliún.[17] Tháinig méadú 26% ar luach na n-ítimí i gCatagóir 5[18] den Rialachán Dé-Úsáide (trealamh agus comhpháirteanna teileachumarsáide agus trealamh agus comhpháirteanna slándála faisnéise) ó €204.8 milliún go €258.3 milliún, agus tháinig méadú 1% ar luach na n-ítimí i gCatagóir 3 (leictreonaic) ó €145.3 milliún go €147.3 milliún.

## Ceadúnais Dhomhanda Dé-Úsáide

Is mó an tsolúbthacht a thugtar d'onnmhaireoirí le ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide ná mar a thugtar le ceadúnais onnmhairiúcháin aonair. Is féidir iad a úsáid chun onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta atá liostaithe ar an gceadúnas chuig na tíortha is cinn scríbe atá liostaithe ar an gceadúnas a chumhdach. Eisítear ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide chuig cuideachtaí ag a mbíonn líon an-ard onnmhairí lena mbaineann riosca réasúnta íseal.

Eisítear ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide faoi réir roinnt coinníollacha dochta, amhail toirmeasc ar a n-úsáid le haghaidh onnmhairí chuig úsáideoirí deiridh is lucht míleata, póilíní nó fórsaí slándála Stáit. Ní mór do shealbhóirí ceadúnais dhomhanda iarratas ar cheadúnas dé-úsáide aonair a chur isteach sa chás ina bhfuil sé ar intinn acu ítimí a onnmhairiú chuig an gcatagóir úsáideoir deiridh sin.

Bhí 23 cheadúnas dhomhanda dé-úsáide in úsáid sa bhliain 2018, mar a bhí amhlaidh in 2017. B'ionann agus €3,157.1 milliún luach na n-onnmhairí iarbhír a tuairiscíodh faoi cheadúnais dhomhanda dé-úsáide in 2018, i gcomparáid le €2,856.1 milliún sa bhliain 2017. B'ionann é sin agus méadú 11%.[19]

## Ceadúnais Mhíleata

---

[17] Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.
[18] Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo i gcomhair liosta de na catagóirí rialaithe maidir le hítimí dé-úsáide sa Rialachán Dé-Úsáide.
[19] Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Cuimsíonn rialuithe ceadúnúcháin d'ítimí míleata earraí míleata, teicneolaíocht mhíleata agus comhpháirteanna d'ítimí den sórt sin. Bhain na ceadúnais a eisíodh i leith earraí míleata in 2018 le comhpháirteanna atá ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, airm thine spóirt agus fiaigh, agus ítimí rialaithe do chuideachtaí a mbíonn baint acu le gníomhaíocht mhianadóireachta.

Ina theannta sin, toisc gur líon réasúnta beag onnmhaireoirí earraí míleata agus teicneolaíochta míleata atá in Éirinn, tá an baol ann go bhféadfaí dul i bhfeidhm go mór ar na staitisticí de bharr athrú ar na riachtanais cheadúnais a bheadh ag onnmhaireoir nó dhó. Tháinig laghdú 19% ar líon na gceadúnas míleata aonair a eisíodh, ó 118 gceadúnas in 2017 go 96 cheadúnas in 2018. Tháinig méadú 30% ar luach na n-onnmhairí ar cheadúnais a eisíodh, ó €24.9m in 2017 go €32.5m in 2018. Eisíodh dhá cheadúnas mhíleata dhomhanda in 2018 i gcomparáid le ceann amháin in 2017, agus tháinig méadú dá réir ar an luach iomlán ó €4.0 milliún go €4.8 milliún.

## Ceadúnais Bhróicéireachta

Éilítear ceadúnas bróicéireachta i gcás ina bhfuil duine nó eintiteas ag idirbheartú nó ag eagrú idirbheart lena mbaineann aistriú ítimí dé-úsáide nó ítimí atá luaite ar Liosta Comhchoiteann Míleata AE, nó i gcás duine nó eintitis a cheannaíonn nó a dhíolann ítimí den sórt sin nó a eagraíonn a n-aistriú, a bhfuil na hítimí sin faoina úinéireacht:

- Ó thír nach bhfuil san Aontas Eorpach go tír nach bhfuil san Aontas Eorpach.
- Ó Éirinn go tír nach bhfuil san Aontas Eorpach.
- Ó Bhallstát eile de chuid an Aontais go tír nach bhfuil san Aontas Eorpach.

Ní bhfuarthas aon iarratais ar cheadúnais le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide le linn na bliana 2018. Eisíodh trí cheadúnas maidir le bróicéireacht ítimí míleata in 2018.

## Comhiomlánú Sonraí agus Íogaireacht Tráchtála

Sa tuarascáil seo, féachtar leis an oiread trédhearcachta agus is féidir a bheith ann i dtaobh luachanna na gceadúnas, líon na gceadúnas, cinn scríbe agus catagóirí táirge i ndáil le honnmhairí ítimí dé-úsáide agus ítimí míleata.  Ag an am céanna, urramaíonn an Roinn an íogaireacht agus an rúndacht tráchtála a bhaineann le faisnéis áirithe a sholáthraíonn

onnmhaireoirí, agus urramaíonn sí slándáil oibrithe agus saoráidí. Dá bhrí sin, is i bhfoirm chomhiomlánaithe a dhéantar tuairisciú ar shonraí a bhaineann le honnmhairí.

Leagtar amach sa tábla thíos faisnéis achoimre ar líon agus luach na gceadúnas a dheonaigh an Roinn le linn na mblianta 2017 agus 2018. Tá faisnéis staitistiúil níos mionsonraithe leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

**Sonraí Achoimre**

| **Cineál Ceadúnais** | **Líon na gCeadúnas de réir na Bliana** | | **Luach na gCeadúnas de réir na Bliana[20] €** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
| Ceadúnas Dé-Úsáide Aonair | 444 | 447 | 410.8 m | 357.1 m |
| Ceadúnas Dé-Úsáide Domhanda | 23 | 23 | 3,157.1 m | 2,856.1 m |
| Ceadúnas Míleata Aonair | 96 | 118 | 32.5 m | 24.9 m |
| Ceadúnas Míleata Domhanda | 2 | 1 | 4.8 m | 4.0 m |
| IOMLÁN | 565 | 589 | 3,605.2 m | 3,242.2 m |

## 6. Cásanna Diúltaithe

Is é is aidhm don phróiseas ceadúnúcháin onnmhairúcháin a chinntiú, a mhéid is féidir, go mbainfidh an t-úsáideoir deiridh a shonraítear leas as an ítim le haghaidh na húsáide deiridh atá sonraithe, agus nach n-úsáidfear í le haghaidh cuspóir neamhcheadaithe, e.g. lena

[20] Is iad na luachanna a thuairiscítear i leith ceadúnais dé-úsáide aonair agus ceadúnais mhíleata ná na luachanna iomlána i leith ceadúnais cheadaithe agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go ndéanfaí luach na n-onnmhairí iarbhír a lua thar ceart iontu. Baineann na luachanna a thuairiscítear i leith ceadúnais dé-úsáide dhomhanda le honnmhairí iarbhír a tuairiscíodh le haghaidh 2017 agus 2018.

húsáid i dtaobh airm ollscriosta. Éascaíonn na cosaintí a chuirtear san áireamh sa chóras ceadúnúcháin do sheiceálacha agus cros-seiceálacha láidre ina leith sin.

Féadfaidh an Roinn ceadúnas onnmhairiúcháin a dhiúltú, tar éis di dul i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le húdaráis cheadúnúcháin onnmhairiúcháin eile, idir chinn idirnáisiúnta agus chinn AE, de réir mar is cuí, agus tar éis di aird a thabhairt ar na cúinsí a leagtar amach thíos. Tá ceart reachtúil ag onnmhaireoirí achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí ceadúnaithe a dhéanann an Roinn.[21]

Sa bhliain 2018, diúltaíodh do 15 iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin. Rinneadh an diúltú sin mar gheall ar chúinsí a bhain leis an úsáid deiridh a bhí ceaptha, an riosca atreoraithe agus smachtbhannaí AE.

## Cúinsí a Chuirtear san Áireamh agus Cinneadh á Dhéanamh i dtaobh Ceadúnas a Dheonú/a Dhiúltú

Na critéir a chuirtear san áireamh agus é á chinneadh cé acu a dheonófar nó a dhiúltófar ceadúnas dé-úsáide aonair nó ceadúnas dé-úsáide domhanda, leagtar amach iad in Airteagal 12 den Rialachán Dé-Úsáide. Ceanglaítear le hAirteagal 12 go dtabharfaidh Ballstáit aird ar gach cúinse ábhartha, lena n-áirítear:

a) Na dualgais agus na ceangaltais ar ghlac siad leo mar bhaill de na córais neamhiomadaithe agus na comhshocraíochtaí rialúcháin onnmhairí idirnáisiúnta ábhartha, nó trí dhaingniú na gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha.
b) A gcuid dualgas faoi smachtbhannaí arna bhforchur ag comhsheasamh nó ag comhghníomh a ghlac an Chomhairle nó trí chinneadh a ghlac Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip nó trí rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
c) Cúinsí a bhaineann le beartas náisiúnta i leith cúrsaí eachtracha agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Comhsheasamh Uimh. 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha a rialaíonn rialúchán onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.
d) Cúinsí a bhaineann leis an úsáid deiridh atá ceaptha agus leis an mbaol go ndéanfar ítimí a atreorú.

---

[21] Na Rialacháin um Rialú Onnmhairí (Achomhairc) 2018 (I.R. Uimh. 457 de 2018).

Sa Chomhsheasamh dá dtagraítear i bpointe (c) thuas, leagtar amach na gnáthchritéir ar chóir iarratais ar earraí míleata a onnmhairiú a mheas ina n-aghaidh. Is iad seo a leanas na critéir sin:

Critéar a hAon: Meas ar dhualgais agus ar cheangaltais idirnáisiúnta na mBallstát, go háirithe na smachtbhannaí a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó an tAontas Eorpach, comhaontuithe ar neamhiomadú agus ar ábhair eile, agus dualgais idirnáisiúnta eile freisin.

Critéar a Dó: Meas ar chearta an duine sa tír is ceann scríbe deiridh agus urramú an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta sa tír sin.

Critéar a Trí: An staid inmheánach sa tír is ceann scríbe deiridh, toisc teannas nó coinbhleacht airm a bheith inti.

Critéar a Ceathair: Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú.

Critéar a Cúig: Slándáil náisiúnta na mBallstát agus na gcríoch a bhfuil freagracht ar Bhallstát as a gcaidreamh seachtrach, chomh maith le slándáil náisiúnta tíortha atá cairdiúil agus comhghuaillithe leo.

Critéar a Sé: Iompar na tíre is ceannaitheoir maidir leis an bpobal idirnáisiúnta, go háirithe i ndáil lena dearcadh i leith sceimhlitheoireachta, le cineál a comhghuaillíochtaí agus le hurramú an dlí idirnáisiúnta.

Critéar a Seacht: An baol a bheith ann go ndéanfar an teicneolaíocht mhíleata nó an trealamh míleata a atreorú laistigh den tír is ceannaitheoir nó a ath-onnmhairiú faoi choinníollacha neamh-inmhianaithe.

Critéar a hOcht: Comhoiriúnacht na n-onnmhairí teicneolaíochta míleata nó an trealaimh mhíleata le cumas teicniúil agus eacnamaíoch na tíre is faighteoir, agus aird á tabhairt ar a inmhianaithe is atá sé gur chóir do stáit a gcuid riachtanas dlisteanach slándála agus chosanta a chomhlíonadh lena laghad atreorú is féidir ar acmhainní daonna agus eacnamaíocha le haghaidh arm.

# 7. Forfheidhmiú agus Imscrúduithe

Mar a leagadh amach i dtuarascálacha roimhe seo, déanann an Roinn faireachán ar onnmhairiú ítimí rialaithe i ndlúthchomhar le Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar

chuid den chomhar sin, tarchuireann Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim sonraí chuig an Roinn faoi onnmhairí áirithe atá beartaithe chuig tíortha atá faoi réir smachtbhannaí trádála sula dtugtar cead dóibh leanúint ar aghaidh. In 2018, tharchuir Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim 229 n-onnmhaire bheartaithe chuig an Roinn le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh orthu.

# Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann i leith Smachtbhannaí AE

**An Afganastáin**

1. **I.R. Uimh. 202/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hAfganastáine), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin maidir le forfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hAfganastáine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Afganastáin.

**An Bhealarúis**

1. **I.R. Uimh. 143/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Bealarúise), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Bealarúise. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar na nithe seo a leanas:
    - earraí a dhíol/a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.
    - gníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata nó le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an mBealarúis.

**<u>Poblacht na hAfraice Láir</u>**

1. **I.R. Uimh. 244/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir), 2018**

2. **I.R. Uimh. 459/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir) (Uimh. 2), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata nó le hamhais faoi arm.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Poblacht na hAfraice Láir.

<u>**Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré**</u>

1. **I.R. Uimh. 40/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré), 2018**

2. **I.R. Uimh. 246/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2), 2018**

3. **I.R. Uimh. 460/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 3), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1509 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.
- Toirmisc ar na srianta ar onnmhairiú agus ar allmhairiú i dtaca le hearraí dé-úsáide agus le hearraí a d’fhéadfadh cur le clár núicléach nó clár arm Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.

- Toirmisc ar shó-earraí a onnmhairiú.
- Srianta ar onnmhairiú agus ar allmhairiú i dtaca le hór, le miotail lómhara agus le diamaint agus le bróicéireacht, cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais a chur ar fáil i dtaca leis na hítimí sin.
- Srianta ar onnmhairiú i dtaca le nótaí bainc agus boinn de chuid Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- Srianta iompair.
- Smachtbhannaí airgeadais agus infheistíochtaí.
- Toirmisc earnála a bhaineann le hór agus le mianta agus mianraí áirithe a sholáthar.
- Toirmisc ar bhreosla eitlíochta a dhíol nó a sholáthar.
- toirmeasc ar leachtanna gáis nádúrtha a dhíol le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- toirmeasc ar allmhairí teicstíle ó Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- toirmisc ar tháirgí peitriliam scagtha agus amhola a dhíol le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- toirmeasc ar tháirgí a aistriú ó shoithí a bhfuil bratach Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré ar foluain acu, nó go dtí na soithí sin, agus ar aistriú den sórt sin a éascú.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.

**<u>Poblacht Dhaonlathach an Chongó</u>**

1. **I.R. Uimh. 252/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó), 2018**

2. **I.R. Uimh. 458/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 2), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

**<u>An Éigipt</u>**

1- **I.R. Uimh. 147/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÉigipte), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hÉigipte. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

**An Iaráin**

1. **I.R. Uimh. 461/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar theicneolaíocht diúracán a chur ar fáil.
- Córais údaraithe a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
    - Earraí áirithe a chur ar fáil a bhaineann le gníomhaíochtaí cumhachta núicléiche ar leith.
    - Bogearraí um Pleanáil Acmhainní Fiontair a chur ar fáil atá ceaptha lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí núicléacha agus gníomhaíochtaí míleata.
    - Miotail áirithe a sholáthar.

2. **I.R. Uimh. 462/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 2), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.

- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar na nithe seo a leanas:
    - earraí a dhíol/a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach agus trealamh eile atá liostaithe.
    - gníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach nó trealamh eile atá liostaithe.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Iaráin.

<u>**An Iaráic**</u>

1. **I.R. Uimh. 49/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice), 2018**

2. **I.R. Uimh. 276/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice) (Uimh. 2), 2018**

3. **I.R. Uimh. 338/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice) (Uimh. 3), 2018**

4. **I.R. Uimh. 467/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice) (Uimh. 4), 2018**

5. **I.R. Uimh. 606/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice) (Uimh. 5), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráice. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe agus srianta ar thrádáil in earraí cultúrtha.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Iaráic.

**ISIL/Al-Qaeda**

1. **I.R. Uimh. 274/2018 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo), 2018**

2. **I.R. Uimh. 336/2018 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo) (Uimh. 2), 2018**

3. **I.R. Uimh. 468/2018 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo) (Uimh. 3), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2016/1686 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle go bhfuil baint acu le ISIL (Da’esh) agus Al-Qaeda. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin sin iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo.

**<u>An Libia</u>**

1. **I.R. Uimh. 52/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia), 2018**

2. **I.R. Uimh. 140/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 2), 2018**

3. **I.R. Uimh. 204/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 3), 2018**

4. **I.R. Uimh. 273/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 4), 2018**

5. **I.R. Uimh. 340/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 5), 2018**

6. **I.R. Uimh. 465/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 6), 2018**

7. **I.R. Uimh. 607/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 7), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2016/44 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Libia. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar na nithe seo a leanas:
    - earraí a dhíol/a onnmhairiú agus a allmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.
    - gníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata, earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach nó chun amhais faoi arm a chur ar fáil.
    - Gníomhaíochtaí a bhaineann le soithí áirithe chun onnmhairiú neamhdhleathach amhola ón Libia a chosc.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Libia.

<u>**Oileáin Mhaildíve**</u>

1. **I.R. Uimh. 337/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Oileáin Mhaildíve), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 2018/1001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i leith Oileáin Mhaildíve. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

**Maenmar/Burma**

1. **I.R. Uimh. 201/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Mhaenmar/Bhurma), 2018**

2. **I.R. Uimh. 277/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Mhaenmar/Bhurma) (Uimh. 2), 2018**

3. **I.R. Uimh. 341/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Mhaenmar/Bhurma) (Uimh. 3), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i leith Mhaenmar/Bhurma. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Srianta maidir leis na nithe seo a leanas:
  - ítimí a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.
  - trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí teileachumarsáide áirithe a onnmhairiú, ar cinn iad ag a bhfuil feidhm faireacháin nó idircheaptha.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

**Poblacht Ghuine-Bissau**

1. **I.R. Uimh. 247/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Ghuine-Bissau), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht Ghuine-Bissau. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

**Cónaidhm na Rúise**

1. **I.R. Uimh. 144/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine), 2018**

2. **I.R. Uimh. 272/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 2), 2018**

3. **I.R. Uimh. 343/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 3), 2018**

4. **I.R. Uimh. 466/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 4), 2018**

5. **I.R. Uimh. 609/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 5), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle, arna leasú, i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna leasú, i Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle, arna leasú, agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Chónaidhm na Rúise. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Srianta airgeadais éagsúla.
- Srianta maidir leis na nithe seo a leanas:
    - Ítimí míleata agus ítimí dé-úsáide a chur ar fáil do Chónaidhm na Rúise.
    - Gníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil maidir le hítimí míleata agus le hítimí dé-úsáide.
    - Earraí agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil a bhaineann le bonneagar in earnálacha áirithe sa Chrimé, srianta ar infheistíocht sa Chrimé, agus srianta ar allmhairí ón gCrimé.
- Srianta ar ítimí áirithe agus ar theicneolaíocht áirithe a bhaineann leis an earnáil fuinnimh a chur ar fáil do Chónaidhm na Rúise.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí. [22]

---

[22] Le Rialachán ón mbliain 2014, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha de bhun bhearta na Rúise chun an staid san Úcráin a dhíchobhsú, forchuireadh ceanglas ceadúnúcháin maidir le trealamh agus teicneolaíocht áirithe a bhaineann le fuinneamh a dhíol leis an Rúis, a sholáthar di nó a aistriú nó a onnmhairiú chuici. Tá an trealamh agus an teicneolaíocht atá faoi réir rialú liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán. D'eisigh an Roinn 87 gceadúnas, dar luach iomlán €60m, sa bhliain 2018 faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle. Eisíodh formhór na gceadúnas i leith táirgí mianadóireachta lena n-úsáid i mianaigh mianraí crua (mianaigh ghuail agus mianaigh mianta miotail).

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Cónaidhm na Rúise.

**An tSomáil**

1. **I.R. Uimh. 50/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Somáile), 2018**

2. **I.R. Uimh. 141/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Somáile) (Uimh. 2), 2018**

3. **I.R. Uimh. 608/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Somáile) (Uimh. 3), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 147/2003 ón gComhairle, arna leasú, agus i Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Somáile. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar fhioghual a allmhairiú.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Déantar foráil leis na Rialacháin sin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin sin iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSomáil.

**An tSúdáin Theas**

1. **I.R. Uimh. 249/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine Theas), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 748/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Súdáine Theas. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSúdáin Theas.

**An tSúdáin**

1. **I.R. Uimh. 41/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine), 2018**

2. **I.R. Uimh. 245/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine) (Uimh. 2), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Súdáine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSúdáin.

**<u>An tSiria</u>**

1. **I.R. Uimh. 243/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria), 2018**

2. **I.R. Uimh. 463/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria) (Uimh. 2), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Siria. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Raon leathan srianta airgeadais agus trádála, lena n-áirítear cistí agus acmhainní eacnamaíocha de chuid daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Srianta maidir leis na nithe seo a leanas:
    - ítimí dé-úsáide a onnmhairiú a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.

- srianta ar threalamh áirithe a onnmhairiú le haghaidh úsáid sna hearnálacha ola agus gáis agus só-ítimí áirithe.
- seirbhísí airgeadais áirithe a chur ar fáil agus infheistíocht i dtionscadail bhonneagair áirithe.
- trádáil in ítimí cultúrtha; agus srianta allmhairiúcháin ar amhola, ar tháirgí peitriliam, ar dhiamaint agus ar mhiotail lómhara.

Déantar foráil leis na Rialacháin sin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin sin iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leo maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSiria.

**<u>An Túinéis</u>**

1. **I.R. Uimh. 248/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Túinéise), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Túinéise. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

**Veiniséala**

1. **I.R. Uimh. 42/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Veiniséala), 2018**

2. **I.R. Uimh. 250/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Veiniséala) (Uimh. 2), 2018**

Déantar foráil leis na Rialacháin sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 2017/2063 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i leith Veiniséala. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Srianta maidir leis na nithe seo a leanas:
    - ítimí a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach.
    - trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí teileachumarsáide áirithe a onnmhairiú, ar cinn iad ag a bhfuil feidhm faireacháin nó idircheaptha.

Déantar foráil leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla de chuid an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

**Éimin**

1. **I.R. Uimh. 275/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Éimin), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Éimin. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.

- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le hÉimin.

**<u>An tSiombáib</u>**

1. **I.R. Uimh. 251/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siombáibe), 2018**

Déantar foráil leis an Rialachán sin i dtaobh fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Siombáibe. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar earraí a dhíol/a onnmhairiú a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh diansmacht inmheánach agus le haghaidh seirbhísí a chur ar fáil a bhaineann leis an trealamh sin.

Déantar foráil leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán iad sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó mainneachtain cloí le treoracha ó údaráis inniúla an Stáit maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí, agus déantar foráil leis maidir le pionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSiombáib.

# Iarscríbhinn II – Staitisticí na bliana 2018 maidir le Ceadúnais Onnmhairiúcháin

## Tábla Forbhreathnaithe

| Cineál Ceadúnais | Líon na gCeadúnas de réir na Bliana | | Luach na gCeadúnas de réir na Bliana[23] € | |
|---|---|---|---|---|
| | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
| Ceadúnas Dé-Úsáide Aonair | 444 | 447 | 410.8 m | 357.1 m |
| Ceadúnas Dé-Úsáide Domhanda | 23 | 23 | 3,157.1 m | 2,856.1 m |
| Ceadúnas Míleata Aonair | 96 | 118 | 32.5 m | 24.9 m |
| Ceadúnas Míleata Domhanda | 2 | 1 | 4.6 m | 4.0 m |
| IOMLÁN | 565 | 589 | 3,605.2 m | 3,242.2 m |

[23] Is iad na luachanna a thuairiscítear i leith ceadúnais dé-úsáide aonair agus ceadúnais mhíleata ná na luachanna iomlána i leith ceadúnais cheadaithe agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go ndéanfaí luach na n-onnmhairí iarbhír a lua thar ceart iontu.  Baineann na luachanna a thuairiscítear i leith ceadúnais dé-úsáide dhomhanda le honnmhairí iarbhír a tuairiscíodh le haghaidh 2017 agus 2018.

## Tábla na gCeadúnas Dé-Úsáide Domhanda de réir Catagóire

| | 2018 | | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir**[24] | **Líon** | **Luach an Cheadúnais €** | **Líon** | **Luach an Cheadúnais €** | **Líon** | **Luach an Cheadúnais €** |
| **1** | 15 | 2.4 m | 17 | 4.7 m | 16 | 3.4 m |
| **2** | 36 | 0.1 m | 32 | 0.1 m | 13 | 25.3 m |
| **3** | 51 | 147.3 m | 60 | 145.3 m | 52 | 169.3 m |
| **5** | 315 | 258.3 m | 312 | 204.8 m | 308 | 194.8 m |
| **7** | 20 | 1.6 m | 13 | 0.7 m | 11 | 0.8 m |
| **4,6, & 8** | 7 | 1.0 m | 13 | 1.6 m | 9 | 0.9 m |
| **Iomlán** | **444** | **410.8 M** | **447** | **357.1 m** | **409** | **394.6 m** |

[24] Comhfhreagraíonn na catagóirí do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú. Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo i gcomhair liosta de na catagóirí rialaithe maidir le hítimí dé-úsáide sa Rialachán Dé-Úsáide.

## Tábla na gCeadúnas Dé-Úsáide Domhanda de réir Catagóire

| | 2018 € | | 2017 € | | 2016 € | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir[25]** | **Líon** | **Luach** | **Líon** | **Luach** | **Líon** | **Luach** |
| **1** | 2 | 0.0 m | 2 | 0.0 m | 2 | 0.0 m |
| **2** | 2 | 0.1 m | 2 | 0.0 m | 2 | 0.0 m |
| **3** | 5 | 2.5m | 5 | 0.3 m | 5 | 0.1 m |
| **4** | 2 | 0.0 m | 2 | 0.0 m | 2 | 0.0 m |
| **5** | 23 | 3,154.5 m | 23 | 2,855.9 m | 22 | 2,825.5 m |
| **6** | 2 | 0.0 m | 2 | 0.0 m | 2 | 0.0 m |
| **7** | 1 | 0.0 m | 0 | 0.0 m | 0 | 0.0 m |
| **Iomlán[26]** | **23** | **3,157.1 m** | **23** | **2,856.1 m** | **22** | **2,825.6 m** |

[25] Comhfhreagraíonn na catagóirí do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú. Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo i gcomhair liosta de na catagóirí ítimí dé-úsáide.

[26] D'fhéadfadh ceadúnas domhanda níos mó ná catagóir amháin a chlúdach agus, nuair is amhlaidh atá sé, déantar é a thaifeadadh i ngach catagóir. Mar shampla, is le líon na gceadúnas domhanda i gcatagóir 3 agus i gcatagóir 4 a áireofar ceadúnas domhanda lena gclúdaítear táirgí i gcatagóir 3 agus i gcatagóir 4. Dá bhrí sin, ní hionann an figiúr iomlán le haghaidh ceadúnais dhomhanda agus suim na bhfigiúirí a thaispeántar i leith gach catagóire.

## Onnmhairí Dé-Úsáide de réir Catagóire, Ceann Scríbe, Líon Ceadúnas agus Luach Ceadúnaithe 2018 (arna ndéanamh faoi cheadúnais aonair)

| Catagóir | Ceann scríbe | An Líon a Eisíodh | Luach € |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| | An tSín | 3 | 85,046 |
| | An Indinéis | 2 | 643,515 |
| | An Iaráin | 1 | 52,500 |
| | An Iordáin | 2 | 7,580 |
| | An Chasacstáin | 1 | 18,366 |
| | Maracó | 1 | 2,453 |
| | An Araib Shádach | 1 | 320,147 |
| | Singeapór | 1 | 21,612 |
| | An tSomáil | 1 | 20,403 |
| | An Afraic Theas | 1 | 960,000 |
| | An Úisbéiceastáin | 1 | 258,912 |
| 2 | | | |
| | Bairéin | 2 | 4,570 |
| | An tSín | 7 | 3,008 |
| | An Éigipt | 1 | 1,500 |
| | Iosrael | 2 | 6,593 |
| | An Mhalaeisia | 3 | 2,315 |
| | Mailí | 1 | 270 |
| | Maracó | 4 | 19,498 |
| | Catar | 4 | 11,702 |
| | An Rúis | 1 | 808 |
| | An Araib Shádach | 3 | 17,377 |
| | An Afraic Theas | 1 | 4,035 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An Tansáin | 1 | 677 |
| | An Téalainn | 2 | 1,904 |
| | An Túinéis | 1 | 1,160 |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 3 | 11,585 |
| 3 | | | |
| | An tSín | 21 | 2,788,845 |
| | An India | 2 | 25,970,392 |
| | Iosrael | 1 | 328,750 |
| | An Mhalaeisia | 2 | 11,130,240 |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 5 | 28,596,907 |
| | An Rúis | 2 | 401,065 |
| | Singeapór | 5 | 24,522,560 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 5 | 12,117,065 |
| | An Téaváin | 6 | 41,468,323 |
| | An Tuirc | 2 | 3,150 |
| 5 | | | |
| | An Afganastáin | 1 | 1,486,981 |
| | An Ailgéir | 1 | 1,481,176 |
| | An Asarbaiseáin | 1 | 15,000 |
| | Bairéin | 5 | 1,192,213 |
| | An Bhanglaidéis | 2 | 2,943,482 |
| | An Bhrasaíl | 6 | 8,675,263 |
| | An tSín | 33 | 84,815,438 |
| | An Cholóim | 1 | 1,460,045 |
| | Eacuadór | 1 | 1,456,039 |
| | An Éigipt | 11 | 9,442,796 |
| | An tSeoirsia | 1 | 4,425 |
| | Guatamala | 1 | 1,469,716 |
| | An India | 20 | 23,946,043 |
| | An Indinéis | 1 | 262,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An Iaráic | 1 | 23,708 |
| | Iosrael | 22 | 2,358,662 |
| | An Iordáin | 5 | 166,822 |
| | An Chasacstáin | 3 | 295,500 |
| | Cuáit | 4 | 3,261,009 |
| | An Liobáin | 2 | 3,267,279 |
| | Macadóine | 6 | 77,532 |
| | Oileáin Mhaildíve | 2 | 6,400 |
| | Maracó | 13 | 1,767,803 |
| | Óman | 8 | 3,231,637 |
| | An Phacastáin | 1 | 1,223 |
| | Peiriú | 2 | 2,775,343 |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 | 466,251 |
| | Catar | 16 | 10,471,890 |
| | An Rúis | 4 | 14,912 |
| | An Araib Shádach | 37 | 19,710,654 |
| | An tSeirbia | 2 | 83,600 |
| | Singeapór | 6 | 787,885 |
| | An tSomáil | 2 | 10,017 |
| | An Afraic Theas | 6 | 3,982,582 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 6 | 7,589,599 |
| | An tSúdáin | 1 | 253,852 |
| | An Téaváin | 2 | 17,590,546 |
| | An Téalainn | 3 | 1,749,045 |
| | An Túinéis | 1 | 1,463,198 |
| | An Tuirc | 26 | 19,997,957 |
| | An Úcráin | 6 | 50,742 |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 35 | 9,555,070 |
| | Vítneam | 3 | 4,405,865 |
| | Éimin | 3 | 4,144,634 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An tSaimbia | 1 | 85,000 |
| 6 | | | |
| | An India | 2 | 181,351 |
| | An Mhalaeisia | 1 | 241,278 |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 2 | 265,970 |
| | An Araib Shádach | 1 | 257,986 |
| 7 | | | |
| | An India | 1 | 110,000 |
| | Iosrael | 1 | 379,000 |
| | An Rúis | 3 | 44,500 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 8 | 648,488 |
| | An Téalainn | 1 | 28,400 |
| | An Tuirc | 6 | 434,366 |
| 8 | | | |
| | An tSín | 1 | 86,000 |
| | | | |
| | Iomlán | 444 | 410,779,006 |

## Onnmhairí Míleata de réir Catagóire[27], Ceann Scríbe, Líon Ceadúnas agus Luach Ceadúnaithe[28] 2018

| Cód | Ceann Scríbe | Líon na gCeadúnas a Eisíodh in 2018 | Luach na gCeadúnas in €, 2018 |
|---|---|---|---|
| ML1 | An Astráil | 4 | 126,885 |
| | Ceanada | 5 | 7,070 |
| | An Nua-Chaladóin | 1 | 2,500 |
| | An Phacastáin | 2 | 1,836 |
| | An Eilvéis | 1 | 1,500 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 11 | 160,166 |
| | | | |
| ML4 | An Ríocht Aontaithe | 6 | 230,866 |
| | | | |
| ML5 | An Astráil | 2 | 246,223 |
| | Ceanada | 2 | 343,284 |
| | An Fhionlainn | 1 | 90,318 |
| | An Fhrainc | 1 | 27,944 |
| | An Ghearmáin | 1 | 4,304,545 |
| | An Iodáil | 2 | 191,490 |
| | An Rómáin | 1 | 17,363 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 1 | 128,000 |
| | An tSualainn | | 30,788 |
| | An Eilvéis | 1 | 566,300 |
| | An Tuirc | 6 | 3,843,966 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 25 | 13,007,518 |

[27] Tá Catagóirí an Liosta Mhíleata ar fáil in Iarscríbhinn III.

[28] Léiríonn na staitisticí sa tábla seo an luach a liostaítear ar an gceadúnas onnmhairiúcháin, agus ní léiríonn siad luach iarbhír na n-earraí/na teicneolaíochta a onnmhairíodh faoin gceadúnas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ML6 | An Ghearmáin | 1 | 276,520 |
| | | | |
| ML9 | An Ghearmáin | 1 | 750,000 |
| | An Iodáil | 1 | 71,210 |
| | Catar | 1 | 78,310 |
| | | | |
| ML10 | An Fhrainc | 2 | 645,281 |
| | An Ríocht Aontaithe | 2 | 525,273 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 6 | 10,238,913 |
| | | | |
| ML11 | An Ríocht Aontaithe | 2 | 10,351 |
| | | | |
| ML13 | Ceanada | 1 | 16,937 |
| | | | |
| ML15 | An Ríocht Aontaithe | | 2,609 |
| | | | |
| ML17 | An Ghearmáin | 1 | 5,056 |
| | | | |
| ML21 | An Astráil | 1 | 100,000 |
| | Cuáit | 1 | 55,000 |
| | An Tuirc | 1 | 100,000 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 3 | 300,000 |
| | | | |
| ML22 | An Astráil | 1 | 50,000 |
| | Ceanada | 1 | 50,000 |
| | An Tuirc | 1 | 100,000 |
| | An Ríocht Aontaithe | 1 | 126,881 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 3 | 300,000 |
| | | | |
| | Iomlán | 96 | 37,344,172 |

## Ceadúnais Chomhiomlánaithe Mhíleata de réir Ceann Scríbe 2018

| Ceann Scríbe | Líon na gCeadúnas | Luach an Cheadúnais[29] € |
|---|---|---|
| | | |
| An Astráil | 8 | 523,108 |
| Ceanada | 9 | 417,291 |
| An Fhionlainn | 1 | 90,138 |
| An Fhrainc | 3 | 673,225 |
| An Ghearmáin | 4 | 5,336,121 |
| An Iodáil | 3 | 262,700 |
| Cuáit | 1 | 55,000 |
| An Nua-Chaladóin | 1 | 2,500 |
| An Phacastáin | 2 | 1,836 |
| Catar | 1 | 78,310 |
| An Rómáin | 1 | 17,363 |
| Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 1 | 128,000 |
| An tSualainn | 1 | 30,788 |
| An Eilvéis | 2 | 567,800 |
| An Tuirc | 8 | 4,043,966 |
| An Ríocht Aontaithe | 9 | 1,109,249 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 48 | 24,006,597 |
| **Iomlán**[30] | 96 | 37,344,172 |

[29] Léiríonn na staitisticí sa tábla seo an luach a liostaítear ar an gceadúnas onnmhairiúcháin, ach ní léiríonn siad luach na n-earraí/na teicneolaíochta a onnmhairíodh iarbhír faoin gceadúnas.

[30] Áirítear sa tábla seo ceadúnais mhíleata dhomhanda. D'fhéadfadh ceadúnas domhanda níos mó ná tír cinn scríbe amháin a chlúdach agus, nuair is amhlaidh atá sé, déantar é a thaifeadadh i ngach tír. Dá bhrí sin, ní hionann an figiúr iomlán le haghaidh ceadúnais dhomhanda agus suim na bhfigiúirí a thaispeántar i leith gach tíre.

## Iarscríbhinn III – Achoimre ar Chóid an Liosta Mhíleata

**ML1** Airm bhairille réidh ag a bhfuil calabra níos lú ná 20 mm, airm agus airm uathoibríocha eile ag a bhfuil calabra 12.7 mm (calabra 0.50 orlach) nó níos lú ná sin agus oiriúintí, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML2** Airm bhairille réidh ag a bhfuil calabra 20 mm nó níos mó ná sin, airm agus armáil eile ag a bhfuil calabra níos mó ná 12.7 mm (calabra 0.50 orlach), teilgeoirí agus oiriúintí, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML3** Armlón agus feistí maidir le socrú aidhnín, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML4** Buamaí, toirpéid, diúracáin, feistí pléascacha eile agus lánáin agus trealamh gaolmhar agus oiriúintí gaolmhara, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML5** Rialú dóiteáin, agus trealamh gaolmhar foláirimh agus rabhaidh, agus córais ghaolmhara, trealamh tástála agus ailíniúcháin agus frithbhirt, a dearadh go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith.

**ML6** Feithiclí talún agus comhpháirteanna.

**ML7** Oibreáin thocsaineacha cheimiceacha nó bhitheolaíocha, "oibreáin chun círéibeacha a smachtú", ábhair radaighníomhacha, trealamh gaolmhar, comhpháirteanna gaolmhara agus ábhair ghaolmhara.

**ML8** "Ábhair fhuinniúla" agus substaintí gaolmhara.

**ML9** Soithí cogaidh (dromchla nó faoi uisce), trealamh speisialta cabhlaigh, oiriúintí, comhpháirteanna agus soithí eile dromchla.

**ML10** "Aerárthaí", "feithiclí níos éadroime ná aer", aerfheithiclí gan foireann, aerinnill agus trealamh "aerárthaigh", trealamh gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara, a dearadh go speisialta nó a athraíodh le haghaidh úsáid mhíleata.

**ML11** Trealamh leictreonach, nár sonraíodh in aon áit eile ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML12** Córais ardluais arm fuinnimh chinéitigh agus trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML13** Trealamh, déantúis agus comhpháirteanna armúrtha nó cosanta.

**ML14** 'Trealamh sainfheidhmeach le haghaidh oiliúint mhíleata' nó le haghaidh cásanna míleata a ionsamhlú, ionsamhlóirí a dearadh go speisialta i leith oiliúna in úsáid aon airm thine nó airm a sonraíodh le ML1 nó ML2, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith.

**ML15** Trealamh íomháithe agus frithbhirt, a dearadh go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith.

**ML16** Gaibhnithe, múnluithe agus táirgí neamhchríochnaithe eile a dearadh go speisialta i leith ítimí a sonraíodh le ML1 go ML4, le ML6, le ML9, le ML10, le ML12 nó le ML19.

**ML17** Trealamh, ábhair agus 'leabharlanna' ilghnéitheacha, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML18** Trealamh agus comhpháirteanna táirgeachta.

**ML19** Córais arm fuinnimh dhírithe, trealamh gaolmhar frithbhirt agus múnlaí gaolmhara tástála, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith.

**ML20** Trealamh crióigineach agus "forsheoltach", agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith.

**ML21** "Bogearraí."

**ML22** "Teicneolaíocht."

# Iarscríbhinn IV – Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide

Comhfhreagraíonn na catagóirí Dé-Úsáide dá dtagraítear sa tuarascáil seo do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú:

| | |
|---|---|
| **Catagóir 0:** | Ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach |
| **Catagóir 1:** | Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar |
| **Catagóir 2:** | Próiseáil ar Ábhair |
| **Catagóir 3:** | Leictreonaic |
| **Catagóir 4:** | Ríomhairí |
| **Catagóir 5:** | Teileachumarsáid agus an tslándáil faisnéise |
| **Catagóir 6:** | Braiteoirí agus léasair |
| **Catagóir 7:** | Loingseoireacht agus eitleonaic |
| **Catagóir 8:** | Ábhair Mhuirí |
| **Catagóir 9:** | Aerspás agus Tiomáint |

# Iarscríbhinn V – Córais Iltaobhacha Neamhiomadaithe

Tá roinnt córas iltaobhacha neamhiomadaithe domhanda ina mbonn leis an gcreat domhanda le haghaidh rialuithe onnmhairithe i leith ítimí dé-úsáide. Tá na córais sin bunaithe ar chomhaontuithe riaracháin deonacha idir na tíortha rannpháirteacha chun comhoibriú le chéile ar mhaithe leis an tslándáil dhomhanda a chosaint. Coinníonn gach córas liosta dinimiciúil ar bun d'ítimí íogaire a thagann faoi raon feidhme an chórais, agus ceanglaítear ar na tíortha rannpháirteacha na hítimí sin a rialú mar gheall ar na rioscaí iomadaithe a ghabhann leo. Molann saineolaithe teicniúla ó na tíortha rannpháirteacha nuashonruithe ar na liostaí chun forbairtí sa teicneolaíocht agus forbairtí geopholaitiúla a léiriú, agus ceadaíonn siad na nuashonruithe sin.

Cuirtear na liostaí aonair ítimí dé-úsáide arna dtáirgeadh ag na córais i dtoll a chéile i liosta an Aontais Eorpaigh.

Is iad seo a leanas na córais sin:

- Le ***Comhshocraíocht Wassenaar***, tacaítear le rialuithe onnmhairithe a bhaineann le gnáth-arm agus le hítimí dé-úsáide thar raon leathan earraí agus teicneolaíochtaí, lena n-áirítear ábhair, ceimiceáin, TFC, ítimí muirí agus ítimí aeraspáis.[31]
- Tá sé ina aidhm ag ***Grúpa na hAstráile*** a áirithiú nach mbainfear leas as onnmhairí chun airm cheimiceacha ná airm bhitheolaíocha a fhorbairt.[32]
- Tá sé ina aidhm ag ***an gCóras um Rialú Teicneolaíochta Diúracán*** féachaint chuige nach ndéanfar iomadú ar dhiúracáin bhalaistíocha ná ar aerfheithiclí gan foireann a bhfuil ar a gcumas airm ollscriosta a sheachadadh.[33]
- Tá sé ina aidhm ag ***Grúpa na Soláthraithe Núicléacha*** iomadú núicléach a chosc trí rialú a dhéanamh ar onnmhairiú ábhar, trealaimh agus teicneolaíochta is féidir a úsáid chun airm núicléacha a mhonarú.[34]
- Tá sé ina aidhm ag ***an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha*** forálacha an Choinbhinsiún um Airm Cheimiceacha a chur chun feidhme chun fáil réidh le hairm cheimiceacha ón domhan.[35]

Glacann Éire páirt i ngach ceann de na cúig chóras sin.

---

[31] Féach <http://www.wassenaar.org>.

[32] Féach <http://www.australiagroup.net/en>.

[33] Féach <http://mtcr.info>.

[34] Féach <http://www.nuclearsuppliersgroup.org/en>.

[35] Féach <https://www.opcw.org>.

# Iarscríbhinn VI – Bearta Sriantacha AE

Is uirlis de chuid Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh iad bearta sriantacha nó smachtbhannaí. Is é an tAontas Eorpach a chuireann chun feidhme na smachtbhannaí uile a fhorchuireann na Náisiúin Aontaithe. Ina theannta sin, féadfaidh an tAontas Eorpach smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a threisiú trí bhearta níos déine agus bearta breise a chur i bhfeidhm. I gcás ina measann an tAontas Eorpach gur gá é, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh smachtbhannaí uathrialacha a fhorchur.

*Na príomhchuspóirí atá le smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh*

- Luachanna, leasanna bunúsacha agus slándáil an Aontais a chosaint;
- An tsíocháin a chaomhnú;
- An daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus tacú leo;
- Coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú.

Níl sé i gceist le smachtbhannaí an Aontais gur pionós iad: is é is cuspóir leo athrú a dhéanamh ar bheartas nó iompraíocht de chuid na tíre, na n-eintiteas nó na ndaoine aonair ar a bhfuil siad dírithe, d'fhonn cuspóirí Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais a chur chun cinn. Is féidir le smachtbhannaí a bheith i bhfoirm lánchoisc ar airm, toirmisc ar thaisteal agus bearta eacnamaíocha cosúil le sócmhainní a chalcadh agus rialuithe ar onnmhairí. Déantar athbhreithniú ar na smachtbhannaí go tráthrialta agus breithníonn Comhairle an Aontais Eorpaigh ar cheart smachtbhannaí a athnuachan, a leasú nó a chur ar ceal.

Pléitear Smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh ag Meitheal Oibre na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX)[36]. Achtaítear na smachtbhannaí trí Rialacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, a mbíonn éifeacht dhíreach acu i ndlí na hÉireann. Mar sin féin, ní mór foráil a dhéanamh maidir le pionóis i leith sárú ar na Rialacháin sin trí ionstraimí reachtúla a achtú faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (arna leasú).

Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar cheann de na trí údarás inniúla náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le Bearta Sriantacha AE. Is iad an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus

---

[36] Féach <http://www.consilium.europa.eu/ga/council-eu/preparatory-bodies/working-party-foreign-relations-counsellors/>.

Trádála[37] agus an Banc Ceannais[38] an dá údarás eile. Ní ghlacann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta páirt i leagan síos smachtbhannaí AE agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a thugann fógra di faoi smachtbhannaí nua.

- Is í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as Ionstraimí Reachtúla a chur chun feidhme d'fhonn lán-éifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí a bhaineann le tíortha sonracha (tá an fhreagracht as cur chun feidhme ionstraimí reachtúla a bhaineann le tír ar leith comhroinnte idir an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Airgeadais).
- Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta freagrach as smachtbhannaí trádála (neamhairgeadais) a fhorfheidhmiú agus bíonn sí ag obair i ndlúthpháirt leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an lucht Custaim chun na críche sin.
- Tá smachtbhanna ar leith á chur chun feidhme ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta faoina gceanglaítear nach mór údarú roimh ré a dhéanamh ar onnmhairiú teicneolaíochtaí áirithe go dtí an Rúis.

[37] Féach <https://www.dfa.ie/home/index.aspx?id=28519>.
[38] Féach <https://www.centralbank.ie/regulation/how-we-regulate/international-financial-sanctions>.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le exportcontrol@dbei.gov.ie



An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business, Enterprise and Innovation